## An Ghníomhaireacht um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER)

## (Gníomhaire Sealadach – Grád AD 14)

## COM/2025/20115

(C/2025/5886)

### Cé sinn

Leagadh amach inniúlachtaí tosaigh Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh ina Rialachán bunaidh ([1]) (dá ngairtear 'gníomhaireacht' nó 'ACER' anseo feasta) in 2009. Ó shin i leith, sannadh cúraimí agus freagrachtaí breise don Ghníomhaireacht chun comhtháthú mhargadh inmheánach fuinnimh na hEorpa a shaothrú ar bhealach níos fearr, lena n-áirítear leis an Rialachán REMIT, leis an bpacáiste 'Fuinneamh Glan do gach Eorpach', leis an Rialachán athbhreithnithe maidir le treoirlínte le haghaidh bonneagar fuinnimh tras-Eorpach, leis na rialacha athbhreithnithe maidir le dearadh an mhargaidh leictreachais, le Rialachán REMIT II, agus leis an bPacáiste maidir leis an Margadh Hidrigine agus Gáis Dhícharbónaithe ([2]). Leis na Rialacháin sin, treisíodh freagrachtaí na Gníomhaireachta a mhéid a bhaineann le comhordú leis na hÚdaráis Rialála Náisiúnta (NRAnna), comhar trasteorann, cóineasú rialála a chur chun cinn agus a cúraimí a ailíniú leis na spriocanna beartais foriomlána.

Mar thoradh air sin, sa lá atá inniu ann cuimsíonn inniúlachtaí na Gníomhaireachta na catagóirí leathana seo a leanas:

1. Rialachas, comhlíonadh agus comhordú Líonra Eorpach d'Oibreoirí Córais Tarchurtha Leictreachais (ENTSO-E), Líonra Eorpaigh d'Oibreoirí Córais Tarchurtha Gáis (ENTSO-G), Líonra Eorpaigh na nOibreoirí Gréasáin Hidrigine (ENNOH) agus an eintitis Eorpaigh d'oibreoirí córas dáileacháin (eintiteas AE do OCDanna) a áirithiú.

2. An margadh inmheánach fuinnimh sa leictreachas, sa ghás agus sa hidrigin a chur chun cinn trí rannchuidiú le Cóid Líonra agus Treoirlínte a fhorbairt, a leasú agus a chur chun feidhme.

3. Comhordú, maoirseacht agus tacaíocht a éascú d'údaráis rialála ar fud an Aontais trí chreat a chur ar fáil le haghaidh comhar maidir le saincheisteanna trasteorann agus teicniúla, trí chinntí agus tuairimí ceangailteacha nó comhairleacha a eisiúint maidir le hábhair rialála.

4. Maoirseacht agus tacaíocht a thabhairt d'fheidhmiú éifeachtach na Lárionad Comhordúcháin Réigiúnach, tuairimí agus moltaí a eisiúint chun a áirithiú go bhfuil a n-oibriú i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais.

5. Maoirseacht éifeachtach ar oibreoirí ainmnithe sa mhargadh leictreachais a áirithiú, moltaí a eisiúint don Choimisiún Eorpach agus faisnéis a iarraidh de réir mar is gá.

6. Modheolaíochtaí agus measúnuithe a chomhordú maidir le leordhóthanacht giniúna, riachtanais solúbthachta, ullmhacht riosca, agus slándáil an tsoláthair fuinnimh, agus tograí gaolmhara a fhormheas.

7. Tuairim a thabhairt ar na dréachtchásanna comhpháirteacha le haghaidh an phlean forbartha gréasáin deich mbliana, tuairimí agus moltaí a sholáthar maidir leis na pleananna forbartha gréasáin uile-Aontais le haghaidh leictreachais, gáis agus hidrigine agus na tuarascálacha débhliantúla ar bhearnaí sa bhonneagar, agus tacú le forbairt tionscadal tras-Eorpach bonneagair fuinnimh.

8. Faireachán a dhéanamh ar shláine agus trédhearcacht an mhargaidh mórdhíola fuinnimh ar fud an Aontais, treoirdhoiciméid a eisiúint agus a dhoiciméadacht REMIT a thabhairt cothrom le dáta, cumhachtaí imscrúdúcháin a fheidhmiú i gcásanna trasteorann, rud a chomhlánaíonn ról NRAnna.

### An tairiscint

Is é an Stiúrthóir atá i gceannas ar an nGníomhaireacht agus a bhainistíonn í, agus is é a hionadaí dlíthiúil agus a haghaidh phoiblí. Beidh an Stiúrthóir freagrach don Bhord Riaracháin, agus oibreoidh sé go dlúth leis an mBord Rialálaithe, ar a bhfuil ionadaithe rialála sinsearacha ó gach Ballstát, chun plean oibre na Gníomhaireachta a chur i gcrích. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a iarraidh ar an Stiúrthóir tuarascáil a thíolacadh maidir le comhlíonadh a dhualgas freisin. I gcúrsa a shainordaithe, féadfar a iarraidh ar an Stiúrthóir ráiteas a dhéanamh os comhair choiste inniúil Pharlaimint na hEorpa agus ceisteanna ó chomhaltaí an choiste sin a fhreagairt.

([1]) Rialachán (AE) 2019/942 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 lena mbunaítear Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (IO L 158, 14.6.2019, lch. 22).

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011; Rialachán (AE) 2019/942, Rialachán (AE) 2019/943, agus Treoir (AE) 2019/944; Rialachán (AE) 2022/869; Rialachán (AE) 2024/1711 agus Treoir (AE) 2024/1747); Rialachán (AE) 2024/1106; Rialachán (AE) 2024/1788 agus Treoir (AE) 2024/1789.

Beidh ról bunúsach ag an Stiúrthóir freisin chun a áirithiú go rachaidh an Ghníomhaireacht i ngleic leis na dúshláin a eascraíonn as aon athruithe ar an reachtaíocht nó ar réaltachtaí an mhargaidh. Beidh siad ríthábhachtach chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn na Gníomhaireachta faoina cúraimí reachtúla.

Beidh an Stiúrthóir freagrach as leanúnachas gnó na Gníomhaireachta a áirithiú agus as feabhas a chur ar na struchtúir riaracháin, oibríochtúla agus airgeadais is gá le haghaidh oibriú cuí na Gníomhaireachta, lena n-áirítear baill foirne a earcú.

Áirítear an méid seo a leanas ar liosta neamh-uileghabhálach de chúraimí an Stiúrthóra:

— tuairimí, moltaí agus cinntí na Gníomhaireachta a ghlacadh agus a fhoilsiú tar éis dó dul i gcomhairle leis na meithleacha ábhartha agus tuairim fhabhrach a fháil ón mBord Rialálaithe, agus i gcomhar leis na NRAnna nuair a cheanglaítear sin le Rialachán ACER,
— tacú le hobair an Bhoird Riaracháin de réir Rialachán ACER,
— foireann na Gníomhaireachta a earcú agus a mhaoirsiú agus dea-spiorad foirne agus dea-thimpeallacht oibre a chothú,
— dréachtchlár oibre bliantúil na Gníomhaireachta agus tuairisciú bliantúil na Gníomhaireachta a ullmhú,
— clár oibre bliantúil na Gníomhaireachta a chur chun feidhme faoi threoraíocht an Bhoird Rialálaithe agus faoi rialú an Bhoird Riaracháin,
— réamh-dhréachtbhuiséad na Gníomhaireachta a tharraingt suas agus an buiséad sin a chur i ngníomh,
— na bearta is gá a dhéanamh chun feidhmiú na Gníomhaireachta a áirithiú, go háirithe treoracha inmheánacha riaracháin a ghlacadh agus fógraí a fhoilsiú,
— feidhmeoidh sé na cumhachtaí a thugtar don údarás ceapacháin le Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus don údarás atá i dteideal conarthaí a thabhairt i gcrích le Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh,
— cumarsáid a dhéanamh leis an bpobal maidir le gach ábhar a thagann faoi shainchúram na Gníomhaireachta.

Is post dian lánaimseartha é post Stiúrthóir na Gníomhaireachta a bhfuil leibhéal ard infheistíochta gairmiúla ag teastáil ina leith agus a fhágfaidh, i bprionsabal, nach mbeifear in ann gníomhaíochtaí gairmiúla eile de chineál nach mbaineann go díreach le sonraíochtaí an phoist a dhéanamh. Tá an méid sin gan dochar d'aon eisceacht ón mbreithniú sin a fhéadfaidh an Bord Riaracháin a dheonú go heisceachtúil, i gcomhréir le hAirteagal 12b de na Rialacháin Foirne ([3]).

Tá tuairisc níos mionsonraithe ar na cúraimí le fáil i Rialachán (AE) 2019/942.

**Cad atá á lorg againn (na critéir roghnúcháin)**

Ba cheart na nithe seo a leanas a bheith ag na hiarrthóirí:

*Scileanna bainistíochta*

— an cumas gníomhaireacht dhíláraithe a stiúradh agus a bhainistiú, ar leibhéil bainistíochta straitéisí agus inmheánaí araon, agus aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá roimh chomhlacht a bhíonn ag idirghníomhú le NRAnna agus le páirtithe leasmhara iomadúla; bheadh taithí ábhartha ar an leibhéal náisiúnta agus/nó ar an leibhéal Eorpach ina buntáiste láidir,
— an acmhainneacht chun acmhainní airgeadais suntasacha a bhainistiú go héifeachtach, lena n-áirítear pleanáil bhuiséadach agus rialú inmheánach; bheadh taithí ar dhearbhú cáilíochta agus ar chórais bainistíochta riosca ina buntáiste,
— bheadh taithí ar chleachtais bhainistíochta chun éifeachtúlacht a fheabhsú, amhail acmhainní a ath-leithdháileadh i gcomhréir le tosaíochtaí nua, chomh maith le taithí ar bhainistíocht airgeadais i dtimpeallacht náisiúnta agus/nó Eorpach ina buntáiste freisin,
— rath léirithe maidir le foireann a stiúradh agus a bhainistiú, go háirithe an cumas foireann a stiúradh, a spreagadh agus a fhorbairt a mhéid is féidir, lena n-áirítear pearsanra riaracháin agus teicniúil araon; bheadh taithí i gcomhthéacs ilchultúrtha, ilteangach ina buntáiste.

*Sainscileanna agus saintaithí*

— taithí chuimsitheach i gceann amháin nó níos mó de na réimsí seo a leanas: beartas rialála fuinnimh, maoirseacht ar an margadh fuinnimh, dearadh margaidh ar leibhéal an Aontais agus/nó ar an leibhéal náisiúnta,
— tuiscint mhaith ar na hinstitiúidí Eorpacha agus ar an gcaoi a n-oibríonn agus a n-idirghníomhaíonn siad,
— an cumas fís straitéiseach a fhorbairt don Ghníomhaireacht,

([3]) https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A01962R0031-20250513.

*Scileanna cumarsáide agus pearsanta*

- sárscileanna cumarsáide agus cumas léirithe i gcumarsáid éifeachtach líofa soiléir le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha;
- sárchumas caidreamh iontaofa oibre a chothú le hinstitiúidí an Aontais Eorpaigh agus le páirtithe leasmhara,
- ardchaighdeáin eiticiúla, trédhearcacht, agus tuiscint láidir ar fhreagracht sa chinnteoireacht agus i mbainistiú acmhainní, rud a chothaíonn muinín le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha.

**Ní mór d'iarrthóirí na ceanglais seo a leanas a chomhlíonadh (ceanglais incháilitheachta)**

Ní chuirfear san áireamh le haghaidh na céime roghnúcháin ach iarrthóirí a chomhlíonfaidh na ceanglais fhoirmiúla seo a leanas **faoin sprioc-am maidir le hiarratais**:

- *Náisiúntacht*: ní ghlacfar le hiarratas ach ó dhaoine a bhfuil saoránacht ceann de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh acu.
- *Céim ollscoile nó dioplóma:* ní mór d'iarrthóirí:
  - leibhéal oideachais a bheith acu is comhionann le cúrsa iomlán ollscoile ar baineadh dioplóma amach dá bharr i gcás ina maireann an ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile 4 bliana nó níos mó;
  - sin nó leibhéal oideachais a bheith acu is comhionann le cúrsa iomlán ollscoile ar baineadh dioplóma amach dá bharr agus taithí ghairmiúil iomchuí dar fad bliain amháin ar a laghad i gcás ina maireann an ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile 3 bliana ar a laghad (ní féidir an bhliain sin de thaithí ghairmiúil a chur san áireamh sa taithí ghairmiúil iarchéime a iarrtar thíos).

  Ní ghlacfar ach le dioplómaí a bronnadh i mBallstát den Aontas Eorpach nó le dioplómaí a bhfuil teastais chomhluacha ag gabháil leo a d'eisigh na húdaráis i gceann de na Ballstáit sin.
- *Taithí ghairmiúil*: ní mór d'iarrthóirí 15 bliana ar a laghad de thaithí ghairmiúil iarchéime a bheith acu ([4]) ar leibhéal ar féidir le duine tosú air ach na cáilíochtaí dá dtagraítear thuas a bheith aige. Ní mór 5 bliana ar a laghad den taithí ghairmiúil sin a bheith faighte i réimse ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta.
- *Taithí bhainistíochta*: ní mór 5 bliana ar a laghad den taithí oibre iarchéime a bheith faighte i bhfeidhm bainistíochta ardleibhéil ([5]), go hidéalach, i réimse atá ábhartha don phost seo.
- *Teangacha:* ní mór d'iarrthóirí eolas cuimsitheach a bheith acu ar cheann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh ([6]) agus eolas sásúil a bheith acu ar cheann eile de na teangacha oifigiúla sin. Deimhneoidh na painéil roghnúcháin le linn na n-agallamh go gcomhlíonann iarrthóirí an ceanglas maidir le heolas sásúil ar cheann eile de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh. Mar chuid den tástáil chéanna d'fhéadfaí an t-agallamh nó cuid den agallamh a dhéanamh sa teanga eile sin.
- *Teorainn aoise:* ní mór d'iarrthóirí a bheith in ann, ag an sprioc-am le hiarratais a dhéanamh, an tréimhse oifige iomlán 5 bliana a chur i gcrích sula mbainfidh siad aois scoir amach. I gcás baill foirne shealadacha de chuid an Aontais Eorpaigh, sainítear an aois scoir mar dheireadh na míosa ina mbeidh 66 bliana slán ag an duine (féach Airteagal 47 de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh ([7])).

**Roghnúchán agus ceapachán**

Is é Bord Riaracháin ACER a cheapfaidh an Stiúrthóir, tar éis tuairim fhabhrach a fháil ón mBord Rialálaithe, ar bhonn gearrliosta a chuirfidh an Coimisiún Eorpach ar fáil.

([4]) Ní chuirtear taithí ghairmiúil san áireamh ach amháin más caidreamh oibre iarbhír atá i gceist léi, caidreamh arb é an sainmhíniú atá air fíorobair a bhfuarthas pá aisti i gcáil fostaí (ar aon chineál conartha) nó soláthraí seirbhíse. Gníomhaíochtaí gairmiúla a rinneadh ar bhonn páirtaimseartha, is ar bhonn pro rata a dhéanfar iad a ríomh, de réir an chéatadáin dheimhnithe de na huaireanta lánaimseartha a d'oibrigh an t-iarrthóir. Cuirtear san áireamh saoire mháithreachais/saoire tuismitheora/saoire chun páiste a uchtú, más faoi chuimsiú conradh oibre atá sí. Is cuid den taithí ghairmiúil í dochtúireacht, fiú amháin nuair nach dochtúireacht ar pá í, ach tá uastréimhse 3 bliana i gceist leis sin, agus ní mór an dochtúireacht a bheith curtha i gcrích. Ní féidir aon tréimhse ar leith a chomhaireamh ach uair amháin.

([5]) Maidir leis na blianta uile ina bhfuair na hiarrthóirí taithí bhainistíochta, ba cheart dóibh a léiriú go soiléir ina curriculum vitae: (1) teideal agus ról na bpost bainistíochta a bhí acu; (2) an líon ball foirne a ndearna siad maoirseacht orthu agus na poist sin acu; (3) méid na mbuiséad a bhainistigh siad; (4) an líon sraitheanna ordlathais os a gcionn agus faoina mbun; agus (5) líon na bpiaraí.

([6]) https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX%3A01958R0001-20130701.

([7]) https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A01962R0031-20250513.

Chun an gearrliosta sin a thiomsú, eagróidh an Coimisiún Eorpach an próiseas de réir a nós imeachta roghnúcháin agus earcaíochta (féach an Doiciméad maidir leis an mBeartas um Oifigigh Shinsearacha ([8])).

Mar chuid den phróiseas roghnúcháin seo, cuirfidh an Coimisiún Eorpach painéal réamhroghnúcháin ar bun. Déanfaidh an painéal sin anailís ar na hiarratais go léir, déanfaidh siad an chéad fhíorú incháilitheachta ina dhiaidh sin agus sainaithneoidh siad na hiarrthóirí a bhfuil na próifílí is fearr acu i bhfianaise na gcritéar roghnúcháin atá luaite thuas, agus a bhféadfaí cuireadh a thabhairt dóibh agallamh a dhéanamh leis an bpainéal réamhroghnúcháin. Féadfaidh an Coimisiún Eorpach a iarraidh ar iarrthóirí doiciméid a thacaíonn leis an eolas a thugtar ina n-iarratas a chur ar fáil tráth ar bith le linn an nós imeachta. Mura gcuirtear na doiciméid sin ar fáil laistigh den sprioc-am a shocraítear san iarraidh, d'fhéadfaí iad a fhágáil as an áireamh ón roghnúchán.

Tar éis na n-agallamh sin, déanfaidh an painéal réamhroghnúcháin a gcuid conclúidí a tharraingt suas, agus molfaidh siad liosta iarrthóirí le haghaidh agallaimh eile le Coiste Comhairleach an Choimisiúin Eorpaigh um Cheapacháin. Cuirfidh an Coiste Comhairleach um Cheapacháin conclúidí an phainéil réamhroghnúcháin san áireamh agus é ag cinneadh cé na hiarrthóirí a dtabharfar cuireadh chun agallaimh dóibh.

Na hiarrthóirí a dtabharfar cuireadh chun agallaimh leis an gCoiste Comhairleach um Cheapacháin dóibh, glacfaidh siad páirt in ionad measúnaithe bainistíochta a mhairfidh lá iomlán agus a reáchtálfaidh comhairleoirí earcaíochta seachtracha. Agus torthaí an agallaimh agus tuarascáil an ionaid measúnaithe á gcur san áireamh, tiomsóidh an Coiste Comhairleach um Cheapacháin gearrliosta d'iarrthóirí a mheasann sé a bheadh oiriúnach maidir le bheith ag feidhmiú mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin ACER.

Is é/iad Comhalta/Comhaltaí an Choimisiúin atá freagrach as an Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil caidreamh leis an Údarás faoina cúram a chuirfidh na hiarrthóirí atá ar ghearrliosta an Choiste Comhairleach um Cheapacháin faoi agallamh ([9]).

Tar éis na n-agallamh sin, glacann an Coimisiún Eorpach gearrliosta de thriúr iarrthóirí ar a laghad, agus cuirfear an gearrliosta sin in iúl do Bhord Riaracháin ACER. Féadfaidh an Bord Rialaithe cinneadh a dhéanamh na hiarrthóirí a chur faoi agallamh sula ndéanfaidh siad an Stiúrthóir Feidhmiúcháin a cheapadh as na hiarrthóirí ar ghearrliosta an Choimisiúin. Ní hionann duine a bheith ar an bpainéal agus ráthaíocht a bheith aige go gceapfar é.

D'fhéadfaí a iarraidh ar iarrthóirí dul faoi agallaimh bhreise agus/nó tástálacha breise a dhéanamh, sa bhreis orthu siúd a luaitear thuas. Sula ndéanfar an ceapachán, déanfaidh an t-iarrthóir a bheidh roghnaithe ag an mBord Riaracháin ráiteas os comhair an choiste inniúil i bParlaimint na hEorpa agus freagróidh sé nó sí ceisteanna ó chomhaltaí an choiste sin.

Ba cheart don iarrthóir a roghnófar deimhniú bailí imréitigh slándála óna údarás náisiúnta slándála a bheith aige nó a bheith in ann an deimhniú sin a fháil. Is éard atá in imréiteach slándála pearsanta cinneadh riaracháin a dhéantar i ndiaidh d'údarás náisiúnta slándála inniúil an duine grinnfhiosrúchán slándála a chur i gcrích i gcomhréir leis na dlíthe agus na rialacháin náisiúnta slándála is infheidhme, agus lena ndeimhnítear go bhféadfar cead a thabhairt don duine sin rochtain a fháil ar fhaisnéis rúnaicmithe suas le leibhéal áirithe. (Tabhair do d'aire gur ar iarraidh an fhostóra amháin is féidir tús a chur leis an nós imeachta is gá maidir le himréiteach slándála a fháil, agus nach féidir sin a dhéanamh ar iarraidh an iarrthóra).

Ní bheidh rochtain ag an iarrthóir ar fhaisnéis rúnaicmithe AE (FRAE) ar an leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó os a chionn sin, ná ní fhreastalóidh sé ar aon chruinniú ag a bpléifear FRAE den sórt sin, go dtí go dtabharfaidh an Ballstát lena mbaineann an t-imréiteach slándála pearsanta agus go gcuirfear an nós imeachta imréitigh i gcrích leis an seisiún faisnéise ó Stiúrthóireacht Slándála an Choimisiúin, seisiún atá ina cheanglas dlí.

### Éagsúlacht agus Cuimsiú

Aithníonn an tÚdarás gur gné thábhachtach spreagtha do go leor daoine í cothromaíocht shláintiúil oibre agus saoil agus go mbíonn coinne leis anois, níos mó ná riamh, gur obair sholúbtha a bheadh i gceist i dtimpeallacht oibre nua-aimseartha. Mar fhostóir, tá an tÚdarás tiomanta don chomhionannas inscne a áirithiú agus cosc a chur le hidirdhealú ar aon fhoras. Is mór aige iarratais ó na hiarrthóirí cáilithe uile ó chúlraí éagsúla, de gach cumas agus ón mbonn geografach is leithne is féidir i measc Bhallstáit an Aontais. Chun an comhionannas inscne a chur chun cinn, spreagann an Ghníomhaireacht iarratais ó mhná go háirithe. Is féidir cúnamh a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas le linn an nós imeachta earcaíochta.

([8]) Microsoft Word - Doiciméad Tiomsúcháin ar Bheartas Oifigeach Sinsearach SEC_2004_1352.doc (europa.eu) (ar fáil i mBéarla amháin).

([9]) Ach amháin i gcás ina ndéanfaidh an Comhalta den Choimisiún lena mbaineann, i gcomhréir leis an gCinneadh ón gCoimisiún an 5 Nollaig 2007 (PV(2007) 1811) agus an 30 Meán Fómhair 2020 (PV(2020) 2351) an cúram sin a tharmligean.

**Coinníollacha fostaíochta**

Tá na tuarastail agus na coinníollacha fostaíochta leagtha síos i gCoinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh.

Déanfaidh Bord Riaracháin ACER an t-iarrthóir rathúil a fhostú mar Ghníomhaire Sealadach ar ghrád AD14 ([10]) agus rangófar é i gcéim 1 nó i gcéim 2 laistigh den ghrád sin, de réir fhad a thaithí oibre roimhe sin.

Déanfar an t-iarrthóir rathúil a cheapadh le tréimhse oifige thosaigh 5 bliana, agus an síneadh féideartha a d'fhéadfaí a chur léi 5 bliana ar a mhéad de réir Rialachán (AE) 2019/942.

Ba cheart d'iarratasóirí a thabhairt dá n-aire go gceanglaítear de réir Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh nach mór do gach ball foirne nua tréimhse phromhaidh 9 mí a chur i gcrích agus toradh sásúil a bheith uirthi.

Is i Liúibleána na Slóivéine, an áit ina bhfuil ACER suite, atá an t-ionad fostaíochta.

Beidh an folúntas ann ón 16 Deireadh Fómhair 2025 ar aghaidh.

**Eolas tábhachtach d'iarrthóirí**

Cuirtear i gcuimhne d'iarrthóirí gur faoi rún atá an obair a dhéanann na painéil roghnúcháin. Tá cosc ar iarrthóirí dul i dteagmháil, bíodh sí díreach nó indíreach, le comhaltaí na bpainéal sin, agus tá cosc ar aon duine eile déanamh amhlaidh thar a gceann. Ní mór gach fiosrúchán a sheoladh chuig rúnaíocht an phainéil lena mbaineann.

**Cosaint sonraí pearsanta**

Cinnteoidh an Coimisiún go bpróiseálfar sonraí pearsanta na n-iarrthóirí mar a cheanglaítear le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([11]). Baineann sé sin go háirithe le rúndacht agus le slándáil na sonraí sin.

**Neamhspleáchas agus dearbhú leasanna**

Sula rachaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin i mbun dualgas, cuirfear de cheangal air dearbhú a thabhairt go bhfuil sé tiomanta a bheith ag gníomhú go neamhspleách ar mhaithe leis an bpobal agus dearbhú a thabhairt maidir le haon leas atá aige a d'fhéadfaí a mheas a bheith dochrach dá neamhspleáchas.

**Nós imeachta um iarratais**

Sula gcuirfidh tú an t-iarratas isteach, ba cheart duit a sheiceáil go cúramach an gcomhlíonann tú gach ceann de na ceanglais incháilitheachta ('Ní mór d'iarrthóirí na ceanglais seo a leanas a chomhlíonadh'), go háirithe iad siúd a bhaineann leis na cineálacha dioplóma, leis an taithí ghairmiúil ardleibhéil agus leis an acmhainn teangacha atá ag teastáil. Má bhíonn aon cheann de na riachtanais incháilitheachta gan comhlíonadh, eisiafar an t-iarrthóir go huathoibríoch ón bpróiseas roghnúcháin.

Más mian leat iarratas a dhéanamh, ní mór duit clárú tríd an idirlíon ar an suíomh gréasáin seo thíos agus na treoracha maidir leis na céimeanna éagsúla den phróiseas a leanúint:

https://ec.europa.eu/dgs/human-resources/seniormanagementvacancies/

Ní mór seoladh ríomhphoist bailí a bheith agat. Bainfear úsáid as an seoladh ríomhphoist sin chun do chlárúchán a dheimhniú agus chun dul i dteagmháil leat ag céimeanna éagsúla den phróiseas. Dá bhrí sin, coinnigh an Coimisiún Eorpach ar an eolas faoi aon athrú ar do sheoladh ríomhphoist.

Chun iarratas a chríochnú, ní mór duit CV a uaslódáil i bhformáid PDF, i bhformáid CV Europass ([12]) más féidir, agus litir inspreagtha a líonadh isteach ar líne (uasmhéid 8 000 carachtar). Is féidir leat an CV agus an litir inspreagtha a chur isteach in aon cheann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh.

([10]) Tá an chomhéifeacht cheartúcháin is infheidhme don Slóivéin maidir le luach saothair agus pinsin oifigeach agus seirbhíseach eile de chuid an Aontais socraithe ag 85,9 % ón 1 Iúil 2024. Tá an chomhéifeacht sin faoi réir athbhreithniú bliantúil.

([11]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

([12]) Tá eolas le fáil faoi conas CV Europass a chruthú ar líne ag: https://europa.eu/europass/ga/create-europass-cv

Is chun do leasa é a chinntiú go bhfuil d'iarratas cruinn, críochnúil agus fírinneach.

Ar chríochnú do chlárúcháin ar líne duit, gheobhaidh tú ríomhphost a dheimhneoidh gur cláraíodh d'iarratas. **Mura bhfaighidh tú ríomhphost deimhnithe, níor cláraíodh d'iarratas!**

Tabhair do d'aire nach féidir monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn d'iarratais ar líne. Rachaidh an Coimisiún Eorpach i dteagmháil go díreach leat maidir le stádas d'iarratais.

**Ní ghlacfar le hiarratais a sheolfar le ríomhphost.** Má bhíonn tuilleadh eolais uait nó má bhíonn fadhbanna teicniúla agat, seol ríomhphost chuig:

HR-MANAGEMENT-ONLINE@ec.europa.eu

Is fútsa atá sé do chlárúchán ar líne a chríochnú in am. Moltar go láidir duit gan fanacht go dtí cúpla lá roimh an dáta deiridh chun iarratas a dhéanamh, mar go bhféadfadh trácht trom ar an idirlíon nó fadhb a bhaineann leis an nasc idirlín deireadh a chur leis an gclárúchán ar líne sula mbeidh sé críochnaithe agat, rud a d'fhágfadh go mbeidh ort an próiseas iomlán a dhéanamh athuair. Nuair a bheidh an sprioc-am le hiarratas a chur isteach thart, ní bheidh tú in ann tuilleadh sonraí a chur isteach. Ní ghlacfar le clárúcháin dhéanacha.

**Dáta deiridh**

Is é an **9 Nollaig 2025, 12.00 meán lae, am na Bruiséile**, an sprioc-am le clárú. Ní féidir clárú ina dhiaidh sin.